Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Meitheamh 2024**
**(OR. en)**

**11066/24**

**SOC 443**
**EMPL 258**
**ECOFIN 676**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an ról atá beartais mhargadh an tsaothair, beartais scileanna agus beartais shóisialta maidir le geilleagair athléimneacha<br>- *Formheas* |

1. Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir leis an ról atá beartais mhargadh an tsaothair, beartais scileanna agus beartais shóisialta maidir le geilleagair athléimneacha.

2. D'ullmhaigh an Coiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta na dréachtchonclúidí agus scrúdaigh an Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta iad an 10 Meitheamh 2024 (10644/24).

3. Ag eascairt as plé na Meithle um Cheisteanna Sóisialta, chuir an Uachtaránacht leagan nuashonraithe de na dréachtchonclúidí ón gComhairle (10778/24) faoi bhráid Coreper an 14 Meitheamh 2024, ach níor éirigh léi teacht ar an gcomhthoil ba ghá ina leith.

4. Ag tógáil ar na seasaimh a chuir na toscaireachtaí in iúl in Coreper, cuireann an Uachtaránacht leagan nuashonraithe den téacs i láthair san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo, agus modhnuithe déanta ar mhíreanna 2 agus 6.

5. Iarrtar ar an gComhairle (EPSCO) na dréachtchonclúidí san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo a fhormheas, ag an seisiún a bheidh aici an 20 Meitheamh 2024.

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

**An ról atá ag beartais mhargadh an tsaothair, beartais scileanna agus beartais shóisialta maidir le geilleagair athléimneacha**

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle**

1. AGUS BÉIM Á LEAGAN ar na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 17-18 Aibreán 2024, inar meabhraíodh gur gá cur chuige comhtháite a áirithiú i ngach réimse beartais chun táirgiúlacht chomh maith le fás inbhuanaithe cuimsitheach san Aontas a mhéadú.
   Á CHUR I bhFIOS AICI, agus comhaontú nua Eorpach maidir le hiomaíochas á iarraidh aici, gur shainaithin an Chomhairle Eorpach cothú post ardcháilíochta mar cheann de na príomhuirlisí chun feabhas a chur ar iomaíochas na hEorpa, go háirithe trí na príomhspriocanna do 2030 a shaothrú trí idirphlé sóisialta treisithe, ar spriocanna iad a bhaineann le rannpháirtíocht mhéadaithe i margadh an tsaothair, athsciliú/uas-sciliú agus foghlaim ar feadh an tsaoil, dul i ngleic le bearnaí scileanna agus ganntanais lucht saothair i gcomhthéacs mórthreochtaí déimeagrafacha, lena n-áirítear soghluaisteacht tallainne chuig an Aontas Eorpach agus laistigh den Aontas Eorpach, agus trí chomhionannas deiseanna a áirithiú. Agus an Tuarascáil Ardleibhéil dar teideal *Much More Than a Market* [Margadh thar an gcoitiantacht] Á THABHAIRT DÁ hAIRE AICI, ina gcuirtear i bhfios go láidir nach n-éireoidh le tuilleadh forbartha ar an Margadh Aonair ach amháin má áirítear fíorghné shóisialta ann, i gcomhréir le prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.
   AGUS AIRD Á TABHAIRT AICI ar thorthaí an 9ú Tuarascáil faoin gComhtháthú ina léirítear a thábhachtaí atá sé go mbeadh an caipiteal daonna ceart i réigiúin chun go mbeidh siad in ann lántairbhe a bhaint as a n-acmhainneacht agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú leis an Margadh Aonair a neartú a thuilleadh.

2. AGUS É Á ATHDHEARBHÚ AICI gur féidir, trí dhul chun cinn a dhéanamh maidir le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta – agus aird chuí á tabhairt ar inniúlachtaí faoi seach agus ar phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta – rannchuidiú – i bhfianaise na ndúshlán atá ann faoi láthair agus a bheidh ann sa todhchaí – cabhrú le feidhmiú níos fearr an Mhargaidh Aonair agus cóineasú sóisialta aníos á chur chun cinn san Aontas. Agus i ndáil leis an méid sin, an Tuairim ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta Á MHEABHRÚ AICI i ndáil le tosaíochtaí beartais an Aontais amach anseo maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, a d'fhormhuinigh an Chomhairle i mí an Mhárta 2024[1].

3. AGUS É Á CHUR IN IÚL AICI go dtreisíonn dhea-bhail daoine agus fás eacnamaíoch a chéile. AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar a thábhachtaí atá athchóirithe agus infheistíochtaí i réimse bheartais mhargadh an tsaothair, na mbeartas scileanna agus na mbeartas sóisialta chun fás eacnamaíoch a chothú anuas ar chuspóirí sóisialta a shaothrú, go háirithe trína dtionchar ar chaipiteal daonna agus ar tháirgiúlacht, lena n-áirítear trí acmhainneacht nuálach níos láidre agus teicneolaíochtaí nua agus/nó soláthar saothair a ionsú níos tapúla.

4. AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI, i ndáil leis an méid sin, ar phlé sa Choiste Fostaíochta agus sa Choiste um Chosaint Shóisialta[2] lena léirítear, ach go háirithe, beartais lena dtugtar aghaidh ar ghanntanais agus mímheaitseáil scileanna (trí uas-sciliú agus athsciliú agus foghlaim ar feadh an tsaoil) agus lena méadaítear rannpháirtíocht i margadh an tsaothair (trí bheartais ghníomhacha maidir le margadh an tsaothair, córais dhea-struchtúrtha cánach agus sochar, soláthar oideachais luath-óige agus seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh, agus beartais ghníomhacha maidir le cuimsiú agus comhionannas) mar bheartais a mbeidh éifeachtaí eacnamaíocha níos láidre ag gabháil leo san fhadtéarma. Á CHUIR I bhFIOS AICI go bhféadfadh beartais chun tinneas a bhaineann leis an obair a chosc agus oibrithe a ath-imeascadh i margadh an tsaothair tar éis babhta tinnis (trí bheartais cúraim sláinte, meabhairshláinte san áireamh) na costais a bhaineann le gan a bheith fostaithe agus le tinnis a laghdú agus táirgiúlacht an lucht saothair a mhéadú. Á MHEABHRÚ AICI, thairis sin, gur féidir le beartais shóisialta áirithe tacú le cobhsú maicreacnamaíoch trí rioscaí sóisialta agus caiteachais shóisialta sa todhchaí a bhaineann le costais na neamhghníomhaíochta a mhaolú go suntasach (trí scéimeanna maidir le hobair ghearr-ama, líonraí sábháilte sóisialta agus córais cosanta sóisialta dea-fheidhmiúla, agus scéimeanna ioncaim íosta leordhóthanacha).

---

[1] Tuairim ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta i ndáil le tosaíochtaí beartais an Aontais amach anseo maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, a d'fhormhuinigh an Chomhairle an 11 Márta 2024, 7635/24.

[2] Tuairim ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta maidir le breisluach na hinfheistíochta sóisialta agus ról chomhlachtaí ullmhúcháin Chomhairle EPSCO i rialachas an tSeimeastair Eorpaigh, mí na Samhna 2023 (15418/2/23 REV 2).

5. Á CHUR IN IÚL AICI gur féidir le beartais mhargadh an tsaothair, beartais scileanna agus beartais shóisialta dhea-cheaptha, lena gcuirtear chun feidhme prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, tacú le cuspóirí eacnamaíocha agus sóisialta araon. Á CHUIR I dTREIS AICI go bhféadfadh dúshláin áirithe fostaíochta, scileanna agus shóisialta a bheith ina scrogaill ar acmhainneacht fáis eacnamaíoch agus ar iomaíochas, agus ar chóineasú sóisialta aníos. AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI, agus lánurraim á tabhairt do phrionsabal na coimhdeachta agus do roinnt na n-inniúlachtaí, ar an ngá atá le bearta uaillmhianacha lena dtugtar aghaidh ar ardleibhéil leanúnacha i dtaca le ganntanas lucht saothair agus scileanna, bacainní struchtúracha ar lánpháirtiú iomlán na ngrúpaí faoi ghannionadaíocht i margadh an tsaothair agus na ndaoine is faide uaidh, rioscaí bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta, agus nuachóiriú na gcóras cosanta sóisialta agus cuimsithe, lena n-áirítear i gcomhthéacs an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh agus aosú an daonra.
AGUS É Á MHEABHRÚ AICI, ag an am céanna, gur gá na comhthéacsanna náisiúnta éagsúla, ról agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta a mheas, agus a thábhachtaí atá sé éifeachtúlacht agus cáilíocht an chaiteachais phoiblí a fheabhsú.

6. AGUS É Á ATHDHEARBHÚ AICI, sa chomhthéacs sin, gur féidir le cur chuige comhtháite ar fud na réimsí beartais rannchuidiú le comhleanúnachas beartais, i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh san áireamh. ÓS DÍOL SÁSAIMH DI an díospóireacht bheartais sa Chomhairle an 12 Márta 2024 i ndáil le ‘Infheistíochtaí sóisialta agus athchóirithe i gcomhair geilleagair athléimneacha’, lenar tugadh an deis d’Airí Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais agus d’Airí Fostaíochta agus Gnóthaí Sóisialta féachaint ar an idirghníomhú idir beartais mhargadh an tsaothair, beartais scileanna agus beartais shóisialta, fás eacnamaíoch agus inbhuanaitheacht fhioscach, gan dochar do chur chun feidhme an chreata rialachais eacnamaíoch.

7. AGUS BÉIM Á LEAGANN AICI ar an ngá atá le ceapadh beartais fianaisebhunaithe níos fearr chun tionchar na mbeartas fostaíochta, scileanna agus sóisialta ar an bhfás eacnamaíoch a léiriú go hiomlán, chomh maith leis na héifeachtaí féideartha a bheadh ag beartais eacnamaíocha ar rannpháirtíocht i margadh an tsaothair, ar an mbochtaineacht agus ar an eisiamh sóisialta, agus ar neamhionannas. AGUS É Á MHEABHRÚ AICI, in ainneoin an dul chun cinn atá déanta maidir le modheolaíochtaí agus infhaighteacht sonraí, go bhfuil dúshláin fós ag baint le meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí eacnamaíocha beartas mhargadh an tsaothair, na mbeartas scileanna agus na mbeartas sóisialta, cuir i gcás sna Ballstáit ina bhfuil céatadán ard d'oibrithe trasteorann. Á CHUIR I dTREIS AICI, go háirithe, go mbraitheann éifeachtaí eacnamaíocha ar dhearadh beart beartais (mar shampla an fad), ar ghnéithe comhthéacsúla (mar shampla i dtéarmaí ama agus comhthéacs críochach sonrach), chomh maith le bearta beartais comhuaineacha eile ar cheart cuntas a thabhairt orthu. AGUS É Á AITHINT AICI go bhfuil comhthéacsanna tírshonracha, creataí dlíthiúla agus acmhainní riaracháin éagsúla ag na Ballstáit, go háirithe i dtaca le hacmhainní daonna speisialaithe, chun meastóireachtaí *ex-ante, ex-post* agus leanúnacha a dhéanamh go córasach, lena n-áirítear i dtéarmaí ard-mhodheolaíochtaí a úsáid agus sonraí riaracháin leordhóthanacha agus iontaofa a bhailiú agus a úsáid chun na meastóireachtaí sin a dhéanamh. AGUS É Á MHEABHRÚ AICI, i ndáil leis sin, a thábhachtaí atá sé sonraí riaracháin a úsáid agus tráthúlacht agus gráinneacht staidreamh an Aontais agus an staidrimh náisiúnta, lena n-áirítear trí imdhealú de réir inscne a áirithiú.

8. AG AITHINT DI na treoirphrionsabail dheonacha do Bhallstáit an Aontais maidir le meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí eacnamaíocha na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí i réimsí beartas mhargadh an tsaothair, na mbeartas scileanna agus na mbeartas sóisialta arna bhforbairt ag an gCoiste Fostaíochta agus ag an gCoiste um Chosaint Shóisialta, arb é is aidhm dóibh na príomhghnéithe a shainaithint agus tacú le comhthuiscint ar chineálacha cur chuige modheolaíochta agus ar theicnící samhaltaithe, tréimhse ama na meastóireachtaí, comhlántachtaí beartais sa chur chuige modheolaíochta, infhaighteacht na dtáscairí atá ann cheana, na socruithe staidrimh agus rochtain ar shonraí d'fhonn a bhféidearthacht a thuilleadh forbairtí a dhéanamh orthu, agus straitéisí trédhearcachta/scaipthe.

Iarrann COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

9. Machnamh a dhéanamh ar an ngá atá lena n-acmhainneacht a neartú chun measúnuithe tionchair rialta, meastóireachtaí meántéarmacha agus *ex-post* a dhéanamh ar bheartais mhargadh an tsaothair, ar bheartais scileanna agus ar bheartais shóisialta i gcás inarb iomchuí, eadhon trí mheasúnú a dhéanamh ar a dtionchar ar fhostaíocht, ar scileanna agus ar thorthaí sóisialta, agus ar fhás eacnamaíoch, ar iomaíochas agus ar tháirgiúlacht freisin. Úsáid a bhaint as an gcistiú agus an tacaíocht theicniúil atá ar fáil cheana ar leibhéal an Aontais chun feabhas a chur ar a n-acmhainneacht riaracháin chun meastóireachtaí beartais a dhéanamh.

10. Féachaint an bhféadfaí úsáid a bhaint, i gcás inarb ábhartha, as na treoirphrionsabail dheonacha thuasluaite agus beartais náisiúnta á gceapadh arna ndéanamh chun prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme.

Iarrann COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

11. A thuilleadh oibre a dhéanamh i gcomhar leis na Ballstáit, go háirithe maidir leis na modhanna agus na teicnící chun éifeachtaí eacnamaíocha bheartais mhargadh an tsaothair, na mbeartas scileanna agus na mbeartas sóisialta a thomhas, i gcuibhreann le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile agus le páirtithe leasmhara ábhartha, i gcás inarb iomchuí, lena n-áirítear trí fhoghlaim fhrithpháirteach a chur chun cinn idir na Ballstáit, agus féachaint an bhféadfaí mol eolais a bhunú chun leanúint den obair a cuireadh tús léi faoi Uachtaránacht na Spáinne agus Uachtaránacht na Beilge ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh. Cheapfaí an mol eolais sin chun an t-ualach riaracháin féideartha ar na Ballstáit a íoslaghdú trí leas a bhaint as foinsí eolais atá ann cheana. Dul i gcomhairle leis an gCoiste Fostaíochta agus leis an gCoiste um Chosaint Shóisialta maidir le dearadh agus sainordú an mhoil eolais.

12. Féachaint an bhféadfaí tacú leis na Ballstáit feabhas breise a chur ar tháirgeadh agus ar an úsáid a bhaineann riaracháin phoiblí as sonraí socheacnamaíocha ardcháilíochta.

13. I gcomhar leis na Ballstáit, tráthúlacht agus infhaighteacht táscairí sóisialta ar leibhéal an Aontais a fheabhsú a thuilleadh (i gcomhthéacs an Chórais Staidrimh Eorpaigh freisin) lena n-áirítear trí leanúint den obair ar thobmheastacháin chun an t-aga moille a laghdú maidir le measúnú a dhéanamh ar threochtaí bochtaineachta agus neamhionannais, agus féachaint conas is féidir tacú leis na Ballstáit rochtain ar shonraí riaracháin a fheabhsú chun críocha meastóireachta beartais agus measúnaithe tionchair, agus cosaint sonraí pearsanta á háirithiú ag an am céanna.

14. Féachaint conas is féidir feabhas a chur ar an tacaíocht theicniúil atá ar fáil do na Ballstáit ar leibhéal an Aontais arna iarraidh sin dóibh – go háirithe tríd an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil – chun táirgeadh agus úsáid chórasach na meastóireachtaí ar éifeachtaí eacnamaíocha bheartais mhargadh an tsaothair, na mbeartas scileanna, agus na mbeartas sóisialta agus measúnuithe tionchair a éascú, lena n-áirítear measúnuithe tionchair dáileacháin.

Iarrann COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH ar an gCoimisiún Eorpach, ar an gCoiste Fostaíochta agus ar an gCoiste um Chosaint Shóisialta an méid seo a leanas a dhéanamh:

15. Leanúint den obair ar mheastóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí eacnamaíocha bheartais mhargadh an tsaothair, na mbeartas scileanna agus na mbeartas sóisialta, chun na meastóireachtaí beartais agus na measúnuithe tionchair arna ndéanamh ag na Ballstáit a éascú, ag tógáil ar na treoirphrionsabail dheonacha thuasluaite agus an dul chun cinn modheolaíochta a dhéanfar sa todhchaí agus an dul chun cinn maidir le hinfhaighteacht sonraí a mheas.

16. Feabhas a chur ar dheiseanna foghlama frithpháirtí, lena n-áirítear trí iarraidh ar shaineolaithe ábhartha, chun comhthuiscint a fheabhsú a thuilleadh maidir le conas meastachán níos fearr a dhéanamh ar éifeachtaí eacnamaíocha beartas mhargadh an tsaothair, na mbeartas scileanna agus na mbeartas sóisialta, agus shamplaí gaolmhara náisiúnta a mhalartú.

17. I gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach laistigh den Seimeastar Eorpach, leanúint d’fhaireachán a dhéanamh ar éifeachtaí bheartais mhargadh an tsaothair, na mbeartas scileanna agus na mbeartas sóisialta arna gcur chun feidhme ag na Ballstáit, chun tacú le cur chun feidhme phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, agus cóineasú sóisialta aníos.

**Iarscríbhinn a ghabhann leis an IARSCRÍBHINN**

## Tagairtí

Conclúidí ón gComhairle Eorpach, an 17-18 Aibreán 2024;

Tuarascáil Ardleibhéil dar teideal *Much More than a Market* [Margadh thar an gcoitiantacht] le Enrico Letta, mí Aibreáin 2024;

An Naoú Tuarascáil ar Chomhtháthú Eacnamaíoch, Sóisialta agus Críochach, an Coimisiún Eorpach, mí an Mhárta 2024;

Tuairim ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta i ndáil le 'Tosaíochtaí beartais an Aontais amach anseo maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta', mí an Mhárta 2024 (7635/24);

Tuairim ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta maidir le breisluach na hinfheistíochta sóisialta agus ról chomhlachtaí ullmhúcháin Chomhairle EPSCO i rialachas an tSeimeastair Eorpaigh, mí na Samhna 2023 (15418/2/23 REV 2);

Treoirphrionsabail dheonacha do Bhallstáit an Aontais chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí eacnamaíocha athchóirithe agus infheistíochtaí i réimsí bheartais mhargadh an tsaothair, na mbeartas scileanna agus na beartas sóisialta (10779/24).